



## 9. Ainmneacha eastáit tithíochta CEACHTANNA

**Dáta an chláir:** 21 Meán Fómhair 2008

**Eochair:** PÓC = Pádraig Ó Cearbhaill, MH = Mícheál Holmes

**Athscríobh:**

*Braemor.* Níl a fhios agam an bhfuil a fhios agat cén **bunús** atá le *Braemor Road*?

MH: Bhuel tá **Bré** is dóigh i g**Contae Chill Mhantáin**? Ní hé an **Bré** céanna é?

PÓC: B'fhéidir go bhfuil sé fileata agus b'fhéidir nach bhfuil ach is éard atá ann ná an bheirt **tógálaithe** a bhí ag obair ann, bhí *Brady agus Morton* agus sin *Braemor*

MH: Ar cheangail siad an dá ainm le chéile?

PÓC: Do cheangail

MH: Feiceann tú é sin **amantaí**, fear agus bean an tí, má tá siopa, bhí siopa leabhar thíos sa **Droichead Nua** agus *Frantom* a bhí ar an siopa agus *Frances* a bhí ar bhean an tí agus *Tom* a bhí ar fhear an tí, is é an rud céanna é. **Braemor**...agus ar ndóigh tá caint ar *The Braemor Rooms*, nach bhfuil?

PÓC: Déarfainn sa cheantar céanna

MH: Só Brady agus?

PÓC: Brady agus Morton

MH: Morton

PÓC: Agus ceann beag eile den tsórt sin, ar shlí b'fhéidir, tá sé ábhairín beag níos deise, ná *Breffni Terrace*. Tá sé amuigh i n**Deilginis**, i gceantar **Dheilginise** atá sé agus an bunús atá leis sin ná Breffni, bhí **tógálaí** den ainm Ó Ruairc páirteach san obair agus tá a fhios agat an **seanainm** a bhí ar **Liatroim** ná **Bréifne Uí Ruairc** agus dá bhrí sin, thug sé Breffni air

MH: Agus Ó Ruairc a bhí air féin?

PÓC: Ó Ruairc a bhí air féin mar sin uaireanta bíonn fonn is dóigh liom ar na tógálaithe a n-ainmneacha féin a **bhuanú**, mar a déarfá. Ceann nó dhó eile, díreach, ainm eile anois ar **thug mé ceann de** abair ná *The Seychell(e)s*. Níl sé sin rófhada anois ón **Ros** i dtuaisceart **Bhaile Átha Cliath**

MH: *The Seychell(e)s*. Níor chuala mé caint air...

PÓC: Ní **sliogáin mhara** atá i gceist agam anois, ní 'sea shells' ach na hoileáin sin atá i bhfad i gcéin

MH: Na hoileáin ghrianmhara

PÓC: Go díreach agus ag féachaint ar na hainmneacha atá timpeall air, níl aon cheangal acu le haon ainm eile ach is dócha díreach go m'fhéidir gur chaith tógálaí éigin gur chaith sé laethanta saoire ansin...

MH: Chuile sheans gur chaith sé **mí na meala** ansin

PÓC: Ceann de na rudaí is mó a rachadh i gcion ort faoi na **sráidainmneacha**, an **easpa pleanála**. Go rímhinic ní bhíonn aon **phatrún** faoin spéir le feiscint, ar ndóigh, ansin tá na hainmneacha atá ag teacht isteach go **rábach** as Sasana. Chonaic mé fógra sa pháipéar ansin an lá cheana, **eastát** nua atá thíos i **Ráth Droma** ná *Peyton*

MH: *Peyton*

PÓC: *Peyton*. Tá an-chuid díobh sin ann ar fad

MH: Agus ní **sagart an phaidrín** atá i gceist ach an oiread?

PÓC: Ó ní hea. Agus ceann eile a chonaic mé amuigh i **Baile na Lobhar** agus caithfidh mé seo anois a léamh amach nó a litriú duit a Mhíchíl: F-E-Y an chéad fhocal agus an dara focal ná Y-E-R-R-A

MH: Abair é sin arís



## 9. Ainmneacha eastáit tithíochta CEACHTANNA

PÓC: F-E-Y

MH: F

PÓC: F-E-Y. Agus an dara focal ná Y-E-R-R-A

MH: Faoi dheireadh?!

PÓC: Ní fheadar an rabhadar tamall fada ag gabháil dó nó ... ach níl ansin ach cúpla sampla beag fánach

MH: Tá teach gar dúinne i mBaile Phib agus is é an t-ainm atá ar an doras ná, fan go bhfeicfidh mé an bhfuil mé in ann é a rá, E-M-O-H R-U-O, agus is éard atá i gceist leis má chuireann tú droim ar ais é 'Our Home'. Agus ar ndóigh tá *Swanlinbar*, tá baint éigin aige sin le dream a thóg é, bhí Swan mar dhuine acu agus bhí Lynn ar...

PÓC: Bhí an tríú duine ann chomh maith ach sin é go díreach gur as ainmneacha an triúir seo... Is dóigh liom go raibh oibreacha iarainn ann, gur gnó éigin a chuireadar ar bun...

MH: Sea ach is ainm saorga ar fad é mar ní seanainm a bhain leis an áit ar chor ar bith...

PÓC: Sea agus ba mhaith liom díreach dhá shráidainm eile a lua leat. Ceann amháin díobh i **Lusca**, *Orlynn Park*, níl a fhios agam ar airigh tú trácht air, O-R-L-Y-N-N, agus an bunús atá leis arís ná dhá shloinne atá ann, Ó Ruairc agus Lynn, is mar sin a cuireadh le chéile é. Ceann eile thíos i **Loch Garman**, *Richmond*, tá *Richmond* in áiteanna ar fud na tíre, ar ndóigh, agus go deimhin logainm Sasanach is ea é. Ach an ceann áirithe seo, is amhlaidh gur ainmníodh arís é as beirt tógálaithe, *Richie White* agus *Sean Redmond*, *Richmond*

Agus b'fhéidir *Glen Ellen* i **Sord**. An bunús atá leis sin ná is as an bhfíon a ainmníodh é, na fíonghoirt atá thall i gCalifornia. Is amhlaidh gur thaitnigh an fíon áirithe sin leis an tógálaí agus thug sé *Glenellen* ar an eastát



## 9. Ainmneacha eastáit tithíochta CEAHTANNA

### Ceisteanna

1. Ainmníodh *Braemor Road* as beirt tógálaithe. Cad is ainm dóibh?

.....

2. Cén seanainm a bhí ar Liatroim?

.....

2. Ainmníodh sráid i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath as oileáin ghrianmhara, cén tsráid atá i gceist?

.....

3. Luann Pádraig ainm eastáit agus is ainm é a tháinig ó Shasana. Cén t-ainm atá i gceist?

.....

4. Tá dhá shloinne mar bhunús ag an sráidainm *Orlynn Park*. Cén dá shloinne atá i gceist?

.....

5. Cén sráidainm a ainmníodh as an mbeirt tógálaithe, *Richie White* agus *Sean Redmond*?

.....

6. Cén bunús atá ag an ainm eastáit *Glen Ellen* i Sord?

.....